

# CAIBIDIL 1

## Réamhrá/Cúlra

D'ullmhaigh Údaráis Áitiúla Chiarraí an Scéim seo faoi Alt 11 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Forálann Alt 11 d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí, ina sonraítear na seirbhísí a bhfuil sé i gceist iad a sholáthar

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Leagann an Scéim seo amach na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuiltear ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

### 1.1 Ábhar na Scéime

Tógann an Scéim ar Phlean Gníomhaíochta Gaeilge Chomhairle Chontae Chiarraí 2001-2006. I ndrúachtadh na Scéime, chabhraigh Grúpa Oibre, ar a raibh ionadaithe ó Bhainistíocht Sínséarach Chomhairle Chontae Chiarraí agus baill foirne ó Chomhairle Chontae Chiarraí agus Comhairlí Baile. Luíonn freagracht monatóireachta agus athbhreithnithe na Scéime ar an mBainistíocht Shínséarach, taobh istigh de Údaráis Áitiúla Chiarraí.

### 1.2 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón 26 Iúil 2005 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin, nó go dtí go mbeidh sceim nua deimhnithe ag an Aire de bhua Alt 15 den Acht, pé acu is túsce.

### 1.3 Forléargas ar Údaráis Áitiúla Chiarraí

#### **Seo a leanas ár ráiteas misin:**

Is í ár n-aidhm, mar chomhlacht príomhúil an chontae atá tofa go daonlathach, na forbairt inmharthanach Chiarraí a éascú agus caighdeán maireachtála an phobail a fheabhsú.

Is í Comhairle Contae Chiarraí an tÚdarás Áitiúil atá freagrach as riaradh Chontae Chiarraí. Tá trí Chomhairle Baile ann - Trá Lí, Lios Tuathail agus Cill Airne. Tagann gach Comhairle taobh istigh den gcontae faoi dhlínse Bhainisteoir an Chontae.

Tá príomhaidhmeanna agus seirbhísí na Comhairle rangaithe faoi ocht Roinn Bainistíochta:

- Tithíocht agus Tacaíocht Shóisialta
- Iompar agus Bóithre
- Seirbhísí Uisce
- Comhshaoil
- Eacnamaíocht, Pleanáil agus Forbairt
- Pobal, Cultúr, Oidhreacht agus Caitheamh Aimsire
- Seirbhís Corporáideacha
- Airgeadas

Tá freagracht dhíreach ar na Comhairlí Baile formhór na seirbhísí ina gceantair Uirbeacha a sholáthar - tithíocht, bóithre (ní bóithre náisiúnta ná náisiúnta), uisce, gréasán dramhuisce, pleanáil agus forbairt, seirbhísí comhshaoil, reiligí, páirceanna agus áiseanna. Tá freagracht sa bhreis ar Chomhairle Baile Thrá Lí maidir le bainistiú áis turasóireachta.

### 1.3. Liosta custaiméirí/ cliaint

- An tAire agus Roinn Comhshaoil
- Oifigí Aireachta agus Ranna Rialtais eile
- Custaiméirí agus pobal Údaráis Áitiúla Chiarraí
- Grúpaí pobail áitiúil
- Gníomhairí eile Stáit
- Páirtnéirí sóisialta
- Údaráis áitiúla agus réigiúnacha eile
- Eagraíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh
- Grúpaí LEADER
- Soláthróirí seirbhíse san earnáil phríobháideach
- Gnólachtaí príobháideach áitiúil

#### **1.4 Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí ar fáil cheana féin trí Ghaeilge**

Is é Príomhaidhm an Achta a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil níos fairsinge trí Ghaeilge agus go mbeidh caighdeán níos airde ag baint leo. Maidir leis sin, soláthraíonn Comhairle Contae Chiarraí seirbhísí áirithe i nGaeilge nó go dátheangach, seirbhísí do phobail na Gaeltachta agus eagraíochtaí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht san áireamh.

Sonraíonn Cairt Chustaiméirí Údaráis Áitiúla Chiarraí go:

*Déanfaimid de réir riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.*

## CAIBIDIL 2

### Solathar seirbhísí/ gníomhaíochtaí ginearálta

#### 2.1 Modh oibre agus taighde déanta

In ullmhú na Scéime seo, thug Comhairle Contae Chiarraí faoi **chomhchainteanna** mar a leanas:

- (i) iarradh aighneachtaí ón bpobal in ullmhú na dréacht Scéime – fuarthas 25 aighneacht ón bpobal le linn an phróisis seo.
- (ii) Iniúchadh inmheánach ar sheirbhísí atá á soláthar/a d'fhéadfaí a sholáthar i nGaeilge i ngach roinn.

Seo a leanas torthaí Suirbhé Custaiméara a deineadh i Mí an Mhárta 2004, maidir le soláthar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge:

	Aontú go láidir/	Ní aontaíonn / ná easaontaíonn	Easaontaíonn/ Easaontaíonn go láidir	Meán
Tá caighdeán cuí Gaeilge ag foireann Chomhairle Chontae Chiarraí	20.5%	73.0%	6.5%	3.1
Is fearr liom Gaeilge a úsáid agus mé ag déileáil le heagraíocht phoiblí.	4.1%	23.6%	72.3%	2.1

- 600/ 23% aischothú
- 2 a chomhlanaigh an fhoirm i nGaeilge

## **2.2 Achoimre ar na Seirbhísí/ Gníomhaíochtaí a sholáthraítear de réir**

### **Ranna**

Sa chaibidil seo faightear cur síos ar an soláthar seirbhíse i ngach Roinn de Chomhairle Contae Chiarraí agus Údaráis Áitiúla Chiarraí.

**Tá Polasaí Gaeilge ag Comhairle Contae Chiarraí, atá imlínithe i bPlean Gníomhaíochta Gaeilge 2001/2006. Tá ball foirne ainmnithe mar Oifigeach Gaeilge i roinnt Ranna, na Comhairlí Baile san áireamh. Is é mian Chomhairle Contae Chiarraí, thar saolré na Scéime seo ná polasaí teanga na Comhairle a chaomhnú agus a neartú i ngach Roinn.**

## **Achoimre ar na Seirbhísí/Gníomhaíochtaí a sholáthraítear de réir Ranna**

### **AN ROINN TITHÍOCHTA**

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta cóiríocht do dhaoine trí sholáthar dhíreach tithíochta ar chíos. Cuireann an Roinn úinéireacht tí chun cinn leis trí scéimeanna éagsúla iasachta. Is é ról na Comhairle mar Údarás Tithíochta a chinntiú go mbeidh áitreabh a oireann a riachtanas ag gach líontí, ar chíos nó ar chostas ar féidir leo a sheasamh.

### **AN ROINN BÓITHRE AGUS IOMPAR**

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as thógaint agus cothabháil bóithre poiblí sa Chontae. Tá freagracht pleanála, deartha agus forbairt de 430km de Bhóithre Náisiúnta agus 4,230 km de bhóithre nach bóithre náisiúnta iad ar a Roinn. Tá sábháilteacht agus cothbháil leanúnach i gceist leis seo, chun gréasán sábháilte, éifeachtach a sholáthar, chun freastal ar riachtanais an Chontae ó thaobh Forbairt Tionsclaíochta, Talmhaíochta, Turasóireachta agus Pobail.

### **AN ROINN MÓTARCHÁNACH**

Tá an Roinn Mótarchánach freagrach Ceadúnais Tiomána agus Feithicle a éisiúint agus gníomhaíochtaí agus seirbhísí gaolmhara eile ar son Rialtais Láir. Creidiúnaítear an t-airgead ar fad a bhailítear i leith Chiste an Rialtais Áitiúil.

### **AN ROINN SEIRBHÍSÍ UISCE**

Tá an Roinn freagrach as feidhmiú agus cothabháil scéimeanna soláthar uisce poiblí, áiseanna coireála fuílisce, áiseanna poiblí agus reiligí ar fud an Chontae, de réir pholasaí agus reachtaíocht Náisiúnta agus an AE.

### **AN ROINN PLEANÁLA**

Is é Polasaí an Údaráis Pleanála ná a chinntiú go mbeidh forbairt phleanáilte de réir prionsabail inmhathanachta, go n-eascaíonn sé dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta fadtéarmach, go gcuireann sé chun cinn úsáid éifeachtach talún, acmhainní agus infrastruchtúir agus go gcosnaíonn sé an timpeallacht nádúrtha agus tógtha.

### **AN ROINN SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL**

Tá an Roinn Seirbhísí Comhshaoil freagrach as cosaint na timpeallachta ar fud an chontae. San áireamh anseo tá cur i bhfeidhm reachtaíocht reatha chomhshaoil sna réimsí Bainistiú Dramhaíola agus Rialú Truailithe. Tá sé freagrach leis as cur chun cinn Feasacht Chomhshaoil.

### **SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE**

Tá gréasán de 9 mbrainse leabharlainne ag an seirbhís leabharlainne, i mbailte ar fud an Chontae, ag soláthar seirbhís fhairsing pobail, ag cur ábhar léitheoireachta agus tagartha ar fáil, mar aon le hábhar clos-amharc do dhaoine fásta agus do leanaí. Cuireann na Leabharlanna an Ghaeilge chun cinn ar fud an chontae, trí ghníomhaíochtaí éagsúla le linn na bliana agus tríd an Rannóg ar Stair Áitiúil.

### **AN ROINN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA**

Déileáilteann an Roinn seo le raon leathan seirbhísí agus soláthraíonn sé tacaíocht riaracháin don Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, i réimsí a bhaineann leis an gComhairle Tofa. San áireamh i seirbhísí na Roinne seo tá Seirbhísí Custaiméara, Riarachán Cruinnithe Ceantair, Preas agus Cumarsáid.

### **AN ROINN SEIRBHÍSE DÓITEÁIN**

Tá an Roinn Seirbhíse Dóiteáin freagrach as glaochanna a fhreagairt ó shuíomhanna éigeandála, chomh maith le comhairle a thabhairt ar shábháilteacht tine. Soláthraíonn an Roinn Seirbhíse Dóiteáin Seirbhís Briogáide Tine 24uair/365 lá den bhliain don Chontae, le Briogáid Coiméadaithe i ndeich mbaile agus Meitheal Dheonach i trí shráidbhaile. Freastlaíonn na Briogáid seo ar ghlaochanna éigeandála tine, timpistí bóthair agus aon chúrsaí éigeandála eile.

### **AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA**

Is é aidhm na Roinne Acmhainní Daonna ná a chinntiú go bhfuil foireann cháilithe, le hoiliúint agus acmhainní chúí fostaithe i seirbhísí na Comhairle. Tá sé freagrach leis as cheisteanna caidrimh tionsclaíoch, sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe. Is Roinn lárnach é san eagraíocht agus tá a phríomh fócas ar sholáthar seirbhíse do aonaid ghníomhach eile na Comhairle.

### **AIRGEADAS**

Tá trí roinn sa Roinn Airgeadais - An Roinn Airgeadais, An Roinn Ioncaim agus An Roinn Iniúchóireachta Inmheánach.

## **ROINN TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS**

Tá Roinn Teicneolaíocht an Eolais freagrach as chothabháil córais ríomhaireachta na Comhairle, as forbairt straitéisí Teicneolaíocht an Eolais agus tacaíocht a sholáthar do Ranna eile i soláthar a seirbhísí laethúil. Níl aon seirbhísí a sholáthar go díreach don phobal.

## **ROINN DLÍODÓIR AN CHONTAE**

Soláthraíonn an Roinn seo seirbhís agus comhairle dlí don Chomhairle. Cé gur obair inmheánach é mórán den obair, bíonn teagmháil ag an Roinn leis an bpobal agus a n-ionadaithe dlí.

## **COSAINN SHIBHALTA**

Is é an ról agat ag Cosainn Shiabhailta ná cabhrú i gcásanna tubaiste agus timpistí agus soláthar a dhéanamh ar dheonaigh oilte, fearas agus tacaíocht lóistíochta chun déileáil le tacaíocht shóisialta agus cásanna éigeandála.

## **EALAÍON, CULTÚR AGUS OIHDREACHT**

Na príomh réimsí oibre anseo ná:

- Cur chun cinn rannpháirtíochta, feasachta agus éascaíocht teacht ar na h-ealaíona i gCiarraí.
- Mórtas a fhorbairt, teacht ar pholasaithe agus comhoibriú i mbailiú sonraí maidir le gach gne de Oidhreacht Nádúrtha agus tógtha taobh istigh de Chiarraí.
- Úsáid na Gaeilge taobh istigh de sheirbhísí na Comhairle a fhorbairt agus eolas agus tacaíocht i gcur chun cinn na Gaeilge a sholáthar.

## **FIONTAR AGUS POBAL**

Tugann An Roinn Fiontar agus Pobail tacaíocht do Bhord Forbartha an Chontae (BFC) agus le forbairt pholasaithe agus tionscnaimh ag a bhfuil fócas iniomh shóisialta agus tiontraíochta do Chomhairle Chontae Chiarraí agus Údarás Áitiúla Chiarraí eile. Tá an fhoireann ag tacú le struchtúr BFC trí chur i bhfeidhm Meitheal Chiarraí 2002-2011: Straitéis Sóisialta, Eacnamaíochta agus Chultúrtha, a threoraíonn agus ar a bhfuil tionchar ag gach forbairt sa Chontae.

## Caibidil 3

### Modh Cumarsáide leis an bPobal/Eolas don phobal

#### Cuspóir 3.1: Bileoga Eolais agus Foirmeacha Iarratais

Staid Reatha	Spríoc	Scála ama
Tá roinnt foirmeacha ar fáil i ngach Roinn de chuid Chomhairle Contae Chiarraí i nGaeilge nó i mBéarla.	Cinnteoigh Údaráis Áitiúla Chiarraí go mbeadh gach foirm agus eolas a ghabhann leo ar fáil go dátheangach taobh istigh den chlúdach chéanna.	<b>Críoch 2006</b>
Níl aon foirmeacha ar fáil as Gaeilge ó na Comhairlí Baile don phobal.	Iarrfar foirmeacha a úsáidtear go náisiúnta a bheith ar fáil go dátheangach.	
Tá roinnt bileoga eolais ar fáil ó roinnt Ranna de chuid Chomhairle Contae Chiarraí.	Foilseofar bileoga eolais Údaráis Áitiúla Chiarraí go dátheangach.	<b>Lúnasa 2008</b>
Tá bileoga eolais na gComhairlí Baile ar fáil i mBéarla.		

#### Cuspóir 3.2 Fógraí Béil

Staid Reatha	Spríoc	Scála ama
D'fhéadfadh roinnt fógraí réamh-thaifeadta Chomhairle Contae Chiarraí a bheith dátheangach.	Beidh fógraí uile réamh-thaifeadta Chomhairle Contae Chiarraí i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.	<b>Críoch 2005</b>
Is i mBéarla amháin a bhíonn fógraí réamh-thaifeadta na gComhairlí Baile	Beidh fógraí uile réamh-thaifeadta na gComhairlí baile i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.	<b>Críoch 2007</b>



### 3.3 Fáilteoirí/ Oibritheoirí Malartáin

Staid Reatha	Sprioc	Scála ama
<p>Tugann fáilteoirí/oibritheoirí malartáin Áras an Chontae, Comhairle Conate Chiarraí ainm na Comhairle i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>D'fhéadfadh gur Gaeilge a úsáidfeadh Fáilteoirí na gComhairlí Baile.</p>	<p>Leanfaidh Fáilteoirí/ Oibritheoirí malartáin Áras an Chonate, Comhairle Contae Chiarraí ag tabhairt ainm na Comhairle i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla:-</p> <p>Cuirfear sainchúrsaí ar fáil do fháilteoirí/ oibritheoirí malartáin le go bhfoghlaimeoidh foireann bun bheannachtaí agus ainmneacha ranna as Gaeilge.</p> <p>Úsáidfidh fáilteoirí/ oibritheoirí malartáin Gaeilge nó Gaeilge agus Béarla agus iad ag déileáil le custaiméirí i gComhairle Baile Thrá Lí.</p> <p>Cuirfidh Comhairle Baile Lios Tuathail agus Cill Airne oiliúint ar fáil dá bhfáilteoirí trí Rannóg Oilíúna Chomhairle Contae Chiarraí.</p>	<p><b>Críoch 2006</b></p>

## Caibidil 4

### Teanga Oibre Ranna Taobh Istigh d'Údaráis Áitiúla Chiarraí

#### 4.1 Rannóga ag soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge i gComhairle Contae Chiarraí/ Comhairlí Baile

Staid Reatha	Sprioc	Scála ama
Feidhmíonn Oifig na Gaeilge i gComhairle Contae Chiarraí go hiomlán trí Ghaeilge	Leanfaidh Oifig na Gaeilge ag forbairt agus ag cur chun cinn soláthar seirbhíse trí mheán na Gaeilge, i measc Údaráis Áitiúla Chiarraí.	<b>Le linn shaolré na scéime seo.</b>

**Cuspóir 4.2 Ranna ag obair trí mheán an Bhéarla nó go dátheangach.**

Staid Reatha	Sprioc	Scála ama
<p>Tá baill foirne, ainmnithe mar Oifigigh Ainmnithe Gaeilge, taobh istigh de roinnt rannóg in Áras an Chontae agus sna Comhairlí Baile.</p>	<p>Déileáilfear agus déanfar athbhreithniú ar togra na nOifigeach Ainmnithe Gaeilge taobh istigh de gach roinn agus de réir Polasaithe Earcaíochta agus Socrúcháin na Scéime seo.</p>	<p><b>Le linn shaolré na Scéime seo</b></p>
<p>D'fhéadfadh, áfach, go mbeadh ar ghlaiteoirí pearsanta chuig oifigí Údaráis Áitiúla Chiarraí Béarla a úsáid.</p>	<p>Beidh na príomhoifigí seo a leanas in ann seirbhís cuntair a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus Béarla, i rogha teanga an chustaiméara:</p> <p>Oifig Fáilte ag Áras an Chontae          Bóithre – Oifig Poiblí          Pleanáil – Oifig Poiblí          Tithíocht – Oifig Poiblí          Comhshaoil – Oifig Poiblí          Ioncaim – Oifig Poiblí          Mótarcháin</p>	<p><b>Le linn shaolré na Scéime seo</b></p>
<p>Oifig Ceantair an Daingin Leabharlann an Daingin</p>	<p>Le linn shaolré na scéime seo, déanfar athbhreithniú ar sheirbhísí riaracháin ranna eile taobh istigh de Chomhairle Contae Chiarraí, oifigí ceantair taobh amuigh den Ghaeltacht san áireamh, le súil go mbeifear in ann seirbhís chustaiméara duine le duine d'ardchaighdeán a fhorbairt ó na hoifigí seo sa dara scéim agus i scéimeanna eile ina dhiaidh.</p>	<p><b>Le linn shaolré na Scéime seo</b></p>
<p>Cathair Saidhbhín</p>	<p>Leanfaidh foireann riaracháin Oifig Cheantair an Daingin agus Leabharlann an Daingin de bheith in ann seirbhís a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Déileáilfear le Oifig Ceantair Chathair Saidhbhín faoi Chuspóir 5.5.1, sa chás go dtagann folúntas suas san Oifig Riaracháin. Idir an dá linn, cuirfear oiliúint sa Ghaeilge ar fáil do fhoireann Oifig Cheantair Chathair Saidhbhín, le súil go mbeifear in ann seirbhís chustaiméara duine le duine d'ardchaighdeán a fhorbairt ó na hoifigí seo sa dara scéim agus i scéimeanna eile ina dhiaidh.</p>	<p><b>Le linn shaolré na Scéime seo</b></p>

### 4.3 Ranna ag obair trí mheán an Bhéarla nó go dátheangach

Staid Reatha	Sprioc	Scála ama
<p>Comhairlí Baile - Oibríonn Comhairlí Baile go príomhdha trí mheán an Béarla.</p>	<p>Úsáidfidh fáilteoirí/ oibritheoirí malartáin Gaeilge nó Gaeilge agus Béarla agus iad ag déileáil le custaiméirí i gComhairle Baile Thrá Lí.</p> <p>Cuirfidh Comhairle Baile Lios Tuathail agus Cill Airne oiliúint ar fáil dá bhfáilteoirí trí Rannóg Oiliúna Chomhairle Contae Chiarraí.</p> <p>Ainmneoidh Comhairlí Baile ball foirne amháin mar Oifigeach Ainmnithe Gaeilge. Cuirfear oiliúint ar fáil do na hOifigigh Ainmnithe Gaeilge trí rannóg oiliúna Chomhairle Contae Chiarraí, le súil go mbeifear in ann seirbhís chustaiméara duine le duine d'ardchaighdeán a fhorbairt ó na hoifigí seo sa dara scéim agus i scéimeanna eile ina dhiaidh.</p>	<p><b>Lúnasa 2008</b></p>

## Caibidil 5

### Feabhas ar sheirbhísí a sholáthrófar go dátheangach - ar lean

#### Cuspóir 5.1: Córais Ríomhaireachta

Staid Reatha	Sprioc	Scála ama
Tá seoladh r-phoist <a href="mailto:gaeilge@kerrycoco.ie">gaeilge@kerrycoco.ie</a> ag Comhairle Contae Chiarraí	Cuirfidh Údaráis Áitiúla Chiarraí chun cinn úsáid an seoladh r-phoist seo, lena úsáid ag custaiméirí a roghnaíonn an Ghaeilge mar mheán cumrasáide leis na hÚdaráis. Cinnteoidh Údaráis Áitiúla Chiarraí go ndéileáilfear go pras le fiosraithe go dtí an seoladh seo, mar a déantar le fiosraithe sa Bhéarla.	<b>Críoch 2005</b>
Tá Údaráis Áitiúla Chiarraí faoi láthair ag uasghrádú 'Córais Bainistíochta Ábhar' Idirlín agus Intralin.  Ceann de na héilimh, ná go dtacóidh córais nua le dhá theanga.	Beidh ábhar statach agus gach ábhar ar a mbeidh smacht againn dátheangach. Beidh, áfach, córais tríú páirtí, as ár smacht. Beidh polasaí na Comhairle ábalta déileáil leis an gcéad chuid, agus bheadh gá le hathruithe ón soláthróir ar an gcuid deiridh, rud nach bhfuil smacht again ar.	<b>2010</b>

#### Cuspóir 5.2: Foilsiúcháin

Staid Reatha	Sprioc	Scála ama
Foilsiúcháin ar fáil i mBéarla amháin: Tuairiscí Comhairleoirí Doiciméadaí Teicniúla <i>Arts Culture Kerry</i>	Foilseofar sa teanga ins scríobhtar iad, tuairiscí comhairleoirí, doiciméadaí teicniúla agus pleannanna/ doiciméadaí bunaithe ar pholasaí náisiúnta.  Foilseofar ábhar <i>Arts Culture Kerry</i> - foilsiúchán gníomhaíochtaí ealaíona ar fud an Chontae - sa teanga ina soláthraítear é. Má sholáthraítear eolas i nGaeilge, foilseofar i nGaeilge é.	<b>2005</b>

### Cuspóir 5.3: Preas Ráitis

Staid Reatha	Sprioc	Scála ama
Eisítear preas ráitis a bhaineann le ceantair Ghaeltachta i nGaeilge.  Bíonn cinn teidil dátheangach ag preas ráitis eile.	Eiseofar preas ráitis Chomhairle Contae Chiarraí go dátheangach faoi dheireadh 2005.	<b>Críoch 2005</b>
Eisítear preas ráitis na gComhairlí Baile i mBéarla amháin.	Eiseofar preas ráitis na gComhairlí Baile go dátheangach faoi dheireadh 2006.	<b>Críoch 2006</b>

### Cuspóir 5.4. An Ghaeltacht

#### Oifig Ceantar an Daingin agus Leabharlann an Daingin

Staid Reatha	Sprioc
An Ghaeilge mar theanga oibre Oifig Ceantair an Daingin agus Leabharlann an Daingin.	Ag cur san áireamh na dualgais reachtúla agus aidhm Chomhairle Contae Chiarraí féin an Ghaeilge a chur chu cinn mar theanga oibre Oifig Ceantair an Daingin agus Leabharlann an Daingin, déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí, i gcomhar le foireann agus eagraíochtaí ionadaíochta na mball foirne, polasaí agus straitéisí cur bhfeidhm a fhorbairt, céim eile i dtreo an aidhm sin a bhaint amach faoin mbliain 2020.  Thar shaolré na scéime seo aontófar leis na rannpháirtithe cuí plean feidhme leis na cuspóirí seo a bhaint amach.

## Cuspóir 5.5: Earcú/Socrúchán

<b>5.5.1:</b>	<b>Scála ama</b>
<p>Tá Roinn Acmhainní Daonna Chomhairle Contae Chiarraí tiomanta a chinntiú go mbeidh líon leor dóthaineach foirne in Údarás Áitiúla Chiarraí le seirbhís a sholáthar i nGaeilge nó i mBéarla.</p>	<p>Le linn shaolré na Scéime seo.</p>
<b>5.5.2</b>	<b>Scála ama</b>
<p>Beidh socrúchán cuí foirne le líofacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, i bhfeidhm in Údarás Áitiúla Chiarraí, Oifigí Gaeltachta nó oifigí a sholáthróidh seirbhís do cheantair Gaeltachta san áireamh, ag deimhniú go dtógtar san áireamh riachtanais ranna, le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar trí Ghaeilge, agus nuair atá baillfoirne á n-aistriú nó á mbogadh, taobh istigh den eagraíocht.</p>	<p>Le linn shaolré na scéime.</p>
<b>5.5.3</b>	<b>Scála ama</b>
<p>Déanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna athbhreithniú ar a pholasaí earcaíochta i gcomhthéacs inniúlacht Ghaeilge (scríofa agus labhartha) a bheith mar riachtanas thábhachtach do roinnt post in Oifigí Chomhairle Chontae Chiarraí a fhreastlaíonn ar cheantair Ghaeltachta. Déanfar seo de réir Polasaí Earcaíochta Náisiúnta agus trí Pháirtnéireacht.</p>	<p>Le linn shaolré na Scéime seo.</p>

### Cuspóir 5.6: Oiliúint agus Forbairt

Leanfaidh Údarás Áitiúla Chiarraí dá dtiomantas oiliúint agus forbairt chuí a sholáthar don fhoireann ar fad sa dá theanga oifigiúil.

### Oiliúint/ Acmhainní Daonna/ Oifig na Gaeilge

<b>Staid Reatha</b>	<b>Spríoc</b>	<b>Scála ama</b>
Tá Feasacht Teanga san áireamh i gcúrsaí Seirbhíse do Chustaiméirí, ag Comhairle Contae Chiarraí.	Déanfar mionfhiosrú le gach Roinn ar cad iad na cúrsaí atá riachtanach le h-uas-sciliú foirne, le muinín agus líofach a bhaint amach sa Ghaeilge.  Soláthrófar Cúrsaí Feasachta Teanga mar chuid de chúrsaí indochtaithe agus Seirbhís don Chustaiméir, ag cinntiú tuisceana ar Pholasaí Teanga Údarás Áitiúla Chiarraí agus conas a rachfaidh sé i bhfeidhm ar obair taobh istigh den eagraíocht.	<b>Críoch 2005</b>  <b>Críoch 2005</b>
Bronann Údarás Áitiúla Chiarraí Scoláireachtaí ar bhaill foirne ar suim le freastal ar chúrsaí teanga faoi láthair..	Údarás Áitiúla Chiarraí le h-athbhreithniú a dhéanamh ar bhronnadh Scoláireachtaí. Leanfaidh Údarás Áitiúla Chiarraí ag bronnadh scoláireachtaí ar bhaill foirne le freastal ar chúrsaí Gaeilge cuí.	<b>Samhradh 2005</b>

### Cuspóir 5.7: Polasaí Cruinnithe Poiblí

<b>Staid Reatha</b>	<b>Spríoc</b>	<b>Timescale</b>
Reachtáiltear formhór cruinnithe Chomhairle Chontae Chiarraí trí mheán an Bhéarla.	Leathnóidh Comhairle Contae Chiarraí soláthar seirbhíse aistriúcháin chomhuainigh, de réir a chéile, do chruinnithe a reachtáiltear sa Ghaeltacht  Cruinnithe a reachtáiltear taobh amuigh den Ghaeltacht, ach ag a mbeadh grúpaí a fheidhmíonn sa Ghaeltacht nó grúpaí ag a mbeadh freagracht sa Ghaeltacht, déanfaidh	<b>Críoch 2007</b>  <b>Lúnasa 2008</b>



	Údaráis Áitiúla Chiarraí a ndícheall, ar iarratas, seirbhís aistriúcháin chomhuainigh a sholáthar.	
--	--	--

## Cuspóir 5.8 Logainmneacha Gaeltachta

Staid Reatha	Spríoc	Scála ama
Logainmneacha Oifigiúla Gaeltachta in úsáid ar chlár na dtoghthóirí	Cinntoidh Údaráis Áitiúla Chiarraí go bhfeidhmítear de réir Ordú Logainmneacha (Gaeltacht) 2004.	2005

### Caibidil 6

#### Monatóireacht agus Athbhreithniú

Coiméadfaidh Grúpa Bainistíochta Sínséarach taobh istigh d'Údaráis Áitiúla Chiarraí feidhmiú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú, le cabhair ón nGrúpa Oibre.

Is é an bainisteoir line i ngach ceann de na Rannóga (atá freagrach as feidhmiú na Scéime taobh istigh dá n-aonaid féin), le cabhair an Oifigh Ghaeilge, agus thuairiscíonn sé go rialta go dtí An Stiúrthóir Seirbhíse.

### Caibidil 7

#### Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime don phobal i gcoitinne ar na slite seo a leanas:-

- Preas-ráiteas;
- Seoladh oifigiúil na scéime;
- Fógríocht ar na forálacha;
- Scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí;
- Suíomh idirlín.

[Tá] cóip den scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

